Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16856/25**

**ENV 1396**
**CLIMA 602**
**COMPET 1362**
**MI 1067**
**IND 624**
**AGRI 718**
**FORETS 144**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16447/25 |
| Ábhar: | Comhshaol na hEorpa 2030 – Eoraip níos ciorclaí agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de a thógáil<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4146ú cruinniú dá cuid, an 16 Nollaig 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**Comhshaol na hEorpa 2030 – Eoraip níos ciorclaí agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de a thógáil**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,**

1. MEABHRAÍONN SÍ an Cinneadh maidir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil (CGC)[1] agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[2], an sprioc dhomhanda maidir le hoiriúnú don athrú aeráide a leagtar amach in Airteagal 7 de Chomhaontú Pháras[3], agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe (go háirithe SFI 12 agus SFI 13).[4]

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na conclúidí ón gComhairle a eisíodh roimhe seo, go háirithe na conclúidí ón 17 Meitheamh 2024 maidir leis an meastóireacht mheántéarma ar an 8ú CGC[5] agus an treoir chuimsitheach iontu maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa chlár a chur chun cinn. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na huaillmhianta a leagtar amach sna conclúidí seo a bhaint amach.

3. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil maidir le Comhshaol na hEorpa 2025[6] chomh maith le tuarascálacha faireacháin na Gníomhaireachta maidir leis an dul chun cinn i dtaca le cuspóirí an 8ú CGC a bhaint amach, ar cheart dóibh a bheith mar bhonn d'idirphlé polaitiúil ardleibhéil bliantúil agus LEAGANN SÍ BÉIM ar ról na Gníomhaireachta maidir le faisnéis oibiachtúil, iontaofa inchomparáide a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi bheartais chomhshaoil agus aeráide.

4. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn neamhleor i dtaca leis na cuspóirí a leagtar amach san 8ú CGC a bhaint amach, staid mhíshásúil an dúlra agus na bithéagsúlachta agus an ról lárnach atá acu san athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus sa gheilleagar ciorclach.

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

[2] 15051/19 + ADD 1.

[3] IO L 282/9, 19.10.2016, lch. 4.

[4] Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe: 17 Sprioc Chun an Domhan a Chlaochlú | na Naisiún Aontaithe.

[5] 11326/24 + COR 1.

[6] GEC: Comhshaol na hEorpa 2025 (nasc).

5. DEARBHAÍONN SÍ GURB OTH LÉI nár thíolaic an Coimisiún togra reachtach chun iarscríbhinn a chur leis an 8ú CGC ina leagfaí amach gníomhaíochtaí don tréimhse tar éis 2025 chun aghaidh a thabhairt ar an dul chun cinn neamhleor i dtaca le cuspóirí an 8ú CGC a bhaint amach. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an iarraidh ar an gCoimisiún, bunaithe ar Airteagal 5(2) den 8ú CGC, togra reachtach a thíolacadh chun iarscríbhinn a chur leis an 8ú CGC ina mbeidh gníomhaíochtaí don tréimhse tar éis 2025 chun a leanúnachas agus a uaillmhian a choinneáil.

6. MEABHRAÍONN SÍ go soláthraítear, leis na CGCanna, trédhearcacht agus gealltanas fadtéarmach ó na gníomhaithe ábhartha uile maidir leis an gcaoi ar féidir aistriú glas a bhaint amach ar bhealach a rachaidh chun tairbhe don gheilleagar agus atá cóir ó thaobh na sochaí de, agus gur cheart gníomhaíochtaí nithiúla a bheith iontu chun intuarthacht agus iontaofacht a áirithiú.

## I. BARÚLACHA UILEGHABHÁLACHA

7. AITHNÍONN SÍ na hidirnaisc idir an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, an chiorclaíocht, agus cuspóirí comhshaoil eile, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, an ithir agus na héiceachórais a chosaint agus a athbhunú, cáilíocht agus cainníocht uisce agus cosc agus rialú ar thruailliú.

8. ÁITÍONN SÍ go bhfuil sé ag éirí níos práinní i gcónaí dlús a chur leis an ngníomhaíocht maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus leis an aistriú ciorclach, i bhfianaise ghéarchéim phláinéadach thriarach an athraithe aeráide, an truaillithe agus chailliúint na bithéagsúlachta. Rannchuideoidh an ghníomhaíocht sin le hullmhacht agus slándáil fhoriomlán ár sochaithe, leis an ngeilleagar, agus le hiomaíochas na hEorpa, cuirfidh sí borradh faoin nuálaíocht agus, ag an am céanna, cosnóidh sí saoránaigh, gnólachtaí, bonneagair agus éiceachórais ar bhagairtí cosúil le díghrádú comhshaoil, teagmhais adhaimsire, triomaigh, tuilte, ardú ar leibhéal na mara, dóiteáin foraoise, strus maidir le huisce, ganntanas acmhainní, agus tionchair dhiúltacha ar shláinte an duine.

9. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé aistriú cóir agus athléimneacht chóir a áirithiú leis na gníomhaíochtaí a dhéantar, agus cosaint á tabhairt go háirithe do na grúpaí is leochailí, gan aon duine a fhágáil ar lár.

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá cosaint éifeachtach an chomhshaoil a áirithiú tríd an reachtaíocht a glacadh a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach.

11. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le hinfheistíochtaí suntasacha chun cuspóirí maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an chiorclaíocht a chur chun cinn agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé maoiniú leordhóthanach inrochtana a áirithiú trí acmhainní poiblí agus príobháideacha araon a shlógadh, lena n-áirítear an cistiú atá ar fáil ón Aontas. ÁITÍONN SÍ gur cheart leibhéil na neamhchosanta ar riosca agus na gcostas a bhaineann le neamhghníomhaíocht a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais na dtionscnamh maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus an chiorclaíocht. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go meastar go mbeidh na costais agus na damáistí mar gheall ar neamhghníomhaíocht nó gníomhaíocht neamhleor i bhfad níos airde ná na costais agus na damáistí mar gheall ar ghníomhaíocht éifeachtach. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go meastar gurb é €180 billiún in aghaidh na bliana an costas a bheidh i gceist mura gcuirfear dlí comhshaoil an Aontais chun feidhme i ndáil leis na spriocanna comhshaoil atá ann faoi láthair, agus go méadóidh sé go €325 bhilliún in aghaidh na bliana i ndáil le spriocanna comhshaoil a mbeidh feidhm acu go luath amach anseo[7]. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go meastar gurb é EUR 27 mbilliún in aghaidh na bliana atá i mbearna infheistíochta an gheilleagair chiorclaigh san Aontas[8]. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT, ina theannta sin, gurbh fhiú thart ar EUR 822 bhilliún an damáiste a rinneadh do shócmhainní san Aontas le 40 bliain anuas de dheasca teagmhais fhoircneacha a bhaineann leis an aimsir agus an aeráid, agus gur tháinig 25 % de na costais sin chun cinn le 4 bliana anuas[9], agus go bhfuil coinne leis go leanfaidh na costais sin de bheith ag méadú.

12. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar na dúshláin a bhaineann leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus leis an gciorclaíocht, lena n-áirítear trí na tograí atá ar na bacáin le haghaidh Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach agus Creat Comhtháite don Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide, agus comhleanúnachas á áirithiú ag an am céanna le príomhthionscnaimh eile de chuid an Aontais, mar shampla an Straitéis um Aontas na hUllmhachta agus an Straitéis maidir le hAthléimneacht i réimse an Uisce.

---

7 An Coimisiún Eorpach: Nuashonrú ar na costais a bhaineann le gan dlí comhshaoil an Aontais a chur chun feidhme (nasc).

8 An Coimisiún Eorpach: Athbhreithniú 2025 ar Chur Chun Feidhme an Bheartais Comhshaoil (nasc).

9 An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil: Economic losses from weather- and climate-related extremes in Europe [Caillteanais eacnamaíocha ó dhálaí foircneacha aimsire agus aeráide san Eoraip] (nasc).

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar phrionsabail uileghabhálacha na coimhdeachta agus na comhréireachta agus a thábhachtaí atá sé na córais, na sainiúlachtaí agus na dea-chleachtais náisiúnta atá ann cheana a urramú. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT ualaí riaracháin neamhriachtanacha ar údaráis inniúla agus ar ghnólachtaí a sheachaint mar cheann de na príomhbhealaí ar féidir cur leis an iomaíochas. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nár cheart don simpliú bac a chur ar leibhéal na cosanta ar an tsláinte, ar an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ná ar an gcomhshaol ná leibhéal na cosanta sin a laghdú, gur cheart dó prionsabail na rialála níos fearr a leanúint agus gur cheart dó cobhsaíocht dhlíthiúil fhadtéarmach agus intuarthacht fhadtéarmach a áirithiú do ghnólachtaí agus don tsochaí.

14. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go gcuirfí san áireamh sna bearta agus sna gníomhaíochtaí na dálaí éagsúla geografacha, aeráide, eacnamaíocha agus sóisialta sna Ballstáit agus sna réigiúin, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, Ballstáit oileánacha bheaga, agus an tArtach.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé athléimneacht na gcóras nádúrtha in aghaidh an athraithe aeráide a neartú chun tacú le haistrithe nádúrtha fadtéarmacha na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an bhithmhais phríomhúil agus thánaisteach mar bhunchloch an gheilleagair chiorclaigh, lena gcuirtear go mór le rathúlacht shochaí na hEorpa, agus, dá bhrí sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI cur i láthair Straitéis Bhithgheilleagair an Choimisiúin mar mheán chun úsáid inbhuanaithe chiorclach acmhainní nádúrtha a chaomhnú, lena n-áirítear ábhair thalmhaíochta agus foraoiseachta agus fuinneamh sna Ballstáit uile.

17. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an díghrádú forleathan comhshaoil, an truailliú agus an laghdú ar acmhainní atá mar thoradh ar chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, as ar eascair damáiste tromchúiseach fadtéarmach d'éiceachórais, don bhonneagar agus do phobail. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go mbaineann an scriosadh sin an bonn de na hiarrachtaí chun Eoraip chiorclach aeráid-díonach a thógáil, agus go ndéanann sé leochaileachtaí maidir le truailliú, cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide a ghéarú ag an am céanna.

## II. AN ATHLÉIMNEACHT IN AGHAIDH AN ATHRAITHE AERÁIDE

18. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI DÁ RÉIR gur rioscaí criticiúla iad go leor de na rioscaí a sainaithníodh sa tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil maidir le Measúnú Eorpach ar Rioscaí Aeráide (EUCRA) agus go bhféadfaidís a bheith tubaisteach mura dtabharfar faoi ghníomhaíocht phráinneach chinntitheach.

19. LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide do shlándáil, rathúnas agus iomaíochas an Aontais. ÁITÍONN SÍ go bhfuil gá le hathrú ó bhonn ionas go mbeidh an tAontas agus na Ballstáit níos ullmhaithe agus níos athléimní.

20. LEAGANN SÍ BÉIM ar an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide mar cholún bunúsach chun sláinte agus folláine an phobail agus an comhtháthú sóisialta a chosaint, agus chun caomhnú fadtéarmach na hoidhreachta nádúrtha a áirithiú. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá gnéithe sóisialta chun múnlú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí beartais a dhéanfar amach anseo i dtaca leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide.

21. AITHNÍONN SÍ go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na rioscaí aeráide ó Bhallstát go Ballstát agus laistigh de réigiúin; ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór a bheith solúbtha chun a áirithiú go ndíreofar gníomhaíochtaí go hiomchuí ar na rioscaí is suntasaí agus ar na grúpaí agus na hearnálacha is leochailí. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT, i ndáil leis sin, aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiriúnúcháin shonracha na mBallstát agus na réigiún ar a bhfuil tionchar díréireach ag guaiseacha aeráide, agus IARRANN SÍ go ndéanfaí comhar feabhsaithe maidir le cosc, ullmhacht agus acmhainneacht freagartha ar leibhéal an Aontais.

22. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an comhar trasteorann, lena n-áirítear córais luathrabhaidh trasteorann a fheidhmíonn go maith, chun dul i ngleic le rioscaí aeráide trasteorann agus a thábhachtaí atá an comhar ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí comhroinnte trasteorann, trasearnála agus cascáideacha.

*Deiseanna iomaíochais agus nuálaíochta*

23. LEAGANN SÍ BÉIM ar na deiseanna eacnamaíocha, go háirithe do FBManna, a eascraíonn as an ngá atá le forbairt agus feabhas a dhéanamh maidir le glacadh teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nuálacha a bhaineann leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, lena n-áirítear d'fhonn ceannaireacht a áirithiú ar an margadh domhanda.

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an taighde a chur chun cinn agus an nuálaíocht a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le réitigh a rachaidh chun tairbhe, i gcomhthráth, don athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide, d'athchóiriú éiceachóras, do laghdú truaillithe, do laghdú rioscaí tubaiste, agus don iomaíochas agus ÁITÍONN SÍ gur gá feabhas a chur ar an eolas faoi chostais, tairbhí, deiseanna gnó agus cuimsiú an cheartais shóisialta i réitigh ar son na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide.

*Athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide trí dhearadh*

25. IARRANN SÍ go ndéanfaí an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chomhtháthú go réamhghníomhach ar fud na reachtaíochta, na mbeartas, na n-earnálacha agus na leibhéal rialachais ábhartha uile, agus an reachtaíocht, na tionscnaimh agus na pleananna atá ann cheana á gcur san áireamh.

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go mbaintear tairbhí iomadúla agus go bhfeabhsaítear deiseanna infheistíochta inbhuanaithe nuair a nasctar an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide trí dhearadh agus céim luath na pleanála, an buiséadú agus an bonneagar.

27. AITHNÍONN SÍ go dteastaíonn rannpháirtíocht trasearnála, ina mbeidh na páirtithe leasmhara ábhartha uile rannpháirteach i gceapadh agus i gcur chun feidhme beartas lena gcothaítear an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT cur chuige earnáilsonrach a bheith ann maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide chun freagracht spriocdhírithe as measúnú riosca a áirithiú agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé ríthábhachtach don chuntasacht agus do na freagairtí spriocdhírithe a thabharfar ar leochaileachtaí agus riachtanais uathúla gach earnála go mbeadh úinéireacht shoiléir rioscaí ann ar bhonn earnála; LEAGANN SÍ BÉIM ar a bhunriachtanaí atá breithnithe trasearnála, lena n-áirítear comhordú agus comhar na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile agus na leibhéal rialachais ábhartha uile, chun rioscaí an mhí-oiriúnaithe a laghdú agus chun sineirgí a uasmhéadú.

28. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá éiceachórais shláintiúla, an bhithéagsúlacht agus méadú ar réitigh dhúlrabhunaithe mar mhodh costéifeachtach chun cur leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ionas go n-úsáidfear na réitigh sin go córasach nuair is ábhartha.

*Creat dlíthiúil*

29. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI pleananna an Choimisiúin creat dlíthiúil a fhorbairt chun tacú le gníomhaíocht maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéil éagsúla rialachais sna Ballstáit, trí mheasúnú a dhéanamh ar fhiúntas na ngnéithe éagsúla, mar shampla, sainmhínithe, cuspóirí, spriocanna, cásanna/conairí tagartha teochta coiteanna le haghaidh cinntí maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, modheolaíochtaí le haghaidh measúnuithe riosca aeráide, soiléiriú ar úinéireacht riosca, bosca uirlisí agus creat foghlama; LEAGANN SÍ BÉIM ar phrionsabail uileghabhálacha na coimhdeachta agus na comhréireachta, agus sainiúlachtaí agus comhthéacs áitiúil á gcur san áireamh, agus ÁITÍONN SÍ gur gá measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí trasteorann aeráide chomh maith le bagairtí sistéamacha ar iomaíochas, ar shlándáil agus ar rathúnas an Aontais ina iomláine.

30. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an faireachán agus an mheastóireacht ar iarrachtaí maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí oiriúnúcháin agus LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá le deiseanna a shainaithint chun na ceanglais tuairiscithe atá ann cheana a chuíchóiriú, a fheabhsú agus a shimpliú, agus ar an gcaoi sin an trédhearcacht agus an éifeachtacht a fheabhsú.

*Maoiniú agus árachas*

31. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an maoiniú leordhóthanach fós ríthábhachtach chun gníomhaíocht ar son na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide a áirithiú; AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le maoiniú príobháideach agus poiblí araon chun an cistiú agus na hinfheistíochtaí is gá a shlógadh chun an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt.

32. DÍRÍONN SÍ AIRD ar a thábhachtaí atá na hionstraimí agus na cláir chistiúcháin de chuid an Aontais atá ar fáil chun gur fusa a dhéanfar cur chun feidhme agus maoiniú na mbeart maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

33. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé árachas inrochtana inacmhainne a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí iarmharacha.

*Uirlisí digiteacha agus cumhachtú na saoránach*

34. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT faisnéis shimplí inrochtana a bheith ann maidir leis an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide; MOLANN SÍ go ndéanfaí sonraí a bhailiú agus a úsáid ar bhealach níos fearr chun malartú faisnéise agus comhar idir na Ballstáit a éascú; LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról atá ag uirlisí digiteacha maidir le rochtain ar fhaisnéis a éascú agus feasacht a mhúscailt agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart uirlisí digiteacha nua nó feabhsaithe a bheith bunaithe ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh.

35. AITHNÍONN SÍ freisin go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag an digitiú maidir leis an ualach riaracháin a laghdú agus, ag an am céanna, feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí, mar shampla trí chlárlanna feabhsaithe agus trí oibleagáidí tuairiscithe iomchuí.

36. TACAÍONN SÍ le rannpháirtíocht an phobail agus le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe a chur ar chumas do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do lucht ceaptha beartas mar phríomhghnéithe chun cothroime, cuimsitheacht agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i dtreo na hathléimneachta in aghaidh an athraithe aeráide.

*Rialachas Áitiúil agus Réigiúnach*

37. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige trasearnála uile-rialtais lena mbaineann gníomhaithe ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach chun an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fhorbairt agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur cheart na gníomhaíochtaí beartais a dhéanfar amach anseo a bheith ina dtaca le hacmhainneachtaí agus bearta áitiúla agus réigiúnacha, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a ríthábhachtaí atá sé feabhas a chur ar uirlisí agus ar fhothú acmhainneachta do ghníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an taithí a fuarthas ó Mhisean an Aontais maidir le hOiriúnú agus trí thacú leis na Ballstáit straitéisí athléimneachta a chur in oiriúint do dhálaí áitiúla agus trí rannpháirtíocht luath na bpáirtithe leasmhara a spreagadh chun réitigh chuimsitheacha atá oiriúnaithe go réigiúnach a áirithiú, chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú.

## III. AN GEILLEAGAR CIORCLACH

38. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é conclúid an Phainéil Idirnáisiúnta um Bainistiú Acmhainní, san Ionchas Acmhainní Domhanda uaidh in 2024, gur féidir ról suntasach a bheith ag an ngeilleagar ciorclach maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta agus leagann sí béim ar an ról atá ag éifeachtúlacht acmhainní bhreise agus laghdú breise ar an éileamh ar ábhair.

39. DEARBHAÍONN SÍ go bhfuil gá le creat reachtach cuimsitheach, éifeachtúil agus éifeachtach maidir leis an ngeilleagar ciorclach chun athrú sistéamach i dtreo chuspóirí fadtéarmacha an Aontais a bhaint amach, chun dlús a chur leis an athrú sin agus chun na coinníollacha cumasúcháin is gá a áirithiú mar a leagtar amach san 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil iad, chomh maith leis na dreasachtaí is gá don aistriú ciorclach a áirithiú.

40. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an reachtaíocht a glacadh a chur chun feidhme go pras agus an reachtaíocht thánaisteach atá ar na bacáin a fhorbairt.

41. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá fís chomhtháite fhadtéarmach a bheith ag an Aontas don aistriú chuig geilleagar ciorclach agus d'úsáid inbhuanaithe acmhainní agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do na leibhéil is airde d'ord na réiteach dramhaíola.

42. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach a thíolacadh chun an bealach a réiteach don aistriú chuig geilleagar ciorclach, chun borradh a chur faoin iomaíochas, faoin tslándáil eacnamaíoch, faoi phoist ghlasa ardcháilíochta, faoin athléimneacht agus faoin uathriail straitéiseach, agus chun tacú leis na cuspóirí comhshaoil agus aeráide san 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil, agus sineirge agus ailíniú le cuspóirí bheartas tionsclaíoch an Aontais á n-áirithiú ag an am céanna.

43. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, bunaithe ar mheasúnú tionchair cuimsitheach, aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar bhacainní agus ar scrogaill tríd an reachtaíocht atá ann cheana chun dlús a chur leis an aistriú ciorclach agus intuarthacht, comhleanúnachas beartais, simpliú agus cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, agus ardleibhéal cosanta sláinte agus comhshaoil á áirithiú ag an am céanna.

44. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag díriú ar na príomhearnálacha uile a bhfuil tionchar mór acu ar an gcomhshaol, a bhfuil ábharthacht ard straitéiseach ag baint leo, agus a bhfuil ardacmhainneacht acu maidir le réitigh chiorclacha mar a sainaithníodh sa 6ú cuspóir tosaíochta den 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil iad.

*Cur chun feidhme, simpliú agus breisluach Eorpach a éascú*

45. LEAGANN SÍ BÉIM ar an acmhainneacht a bhaineann le digitiú agus comhchuibhiú sonraí mar uirlisí chun bainistiú agus simpliú níos fearr a dhéanamh.

46. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT sainmhínithe, modheolaíochtaí agus táscairí comhchuibhithe a bhunú ar leibhéal an Aontais lena dtabharfar aghaidh ar gach leibhéal d'ord na réiteach dramhaíola agus lena n-áiritheofar an t-ord tosaíochta – is é sin, an cosc, an t-ullmhú le haghaidh athúsáide, an athchúrsáil, bealaí aisghabhála eile, agus an diúscairt – chun go bhféadfar faireachán comhleanúnach, meastóireacht ar dhul chun cinn agus measúnú tionchair a dhéanamh.

47. TACAÍONN SÍ leis an obair leanúnach atá á déanamh ag an gCoimisiún maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a chomhchuibhiú agus a dhigitiú agus féachaint an bhféadfaí í a chur i bhfeidhm a thuilleadh, agus sainiúlachtaí agus comhthéacs náisiúnta á gcur san áireamh. MEASANN SÍ NACH MÓR an ciandíol agus na hardáin ar líne a rialáil agus uirlisí forfheidhmithe leordhóthanacha a áirithiú ionas go gcomhlíonfaidh gach oibreoir, san Aontas agus as na tríú tíortha, ceanglais maidir le sábháilteacht táirgí agus comhlíonadh dlíthiúil, lena n-áirítear freagracht leathnaithe táirgeora, cosaint tomhaltóirí agus an chomhshaoil, lena n-áirítear i ndáil le hallmhairiú agus onnmhairiú táirgí, earraí athláimhe agus dramhaíola araon, chun cothrom na Féinne a ráthú agus a áirithiú, agus ag an am céanna go gcomhlíonfaidh an tAontas a oibleagáidí idirnáisiúnta.

*Margadh aonair a chruthú maidir le hamhábhair thánaisteacha*

48. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá margadh aonair dea-fheidhmiúil maidir le hamhábhair thánaisteacha mar réamhchoinníoll chun eastóscadh ábhar a laghdú, agus an athchúrsáil, an chiorclaíocht agus slándáil an tsoláthair a fheabhsú, go háirithe i gcás mianraí criticiúla tánaisteacha faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla; agus sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé iarrachtaí a neartú chun cainníocht agus cáilíocht na n-ábhar athchúrsáilte a áirithiú agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar ilroinnt agus ar chliseadh soiléir an mhargaidh agus saorghluaiseacht na dtáirgí ciorclacha agus na n-amhábhar tánaisteach a fheabhsú.

49. AITHNÍONN SÍ gur minic nach féidir leis an ngnó ciorclach ná le margadh na n-amhábhar tánaisteach dul in iomaíocht le hallmhairiú óghábhar níos saoire; MOLANN SÍ don Choimisiún obair a dhéanamh ar mhargadh cothrom iomaíoch d'ábhair thánaisteacha ina mbeidh éileamh ar ábhair athchúrsáilte an Aontais agus féachaint ar shásraí praghsála agus spreagtha a d'fhéadfadh a bheith ann chun cothrom na Féinne a bhaint amach idir samhlacha gnó ciorclacha agus líneacha agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh ábhair a tháirgtear ó dhramhaíl, a bhailítear agus a phróiseáiltear lasmuigh den Aontas Eorpach caighdeáin chomhshaoil agus sláinte atá coibhéiseach le caighdeáin an Aontais féin.

50. IARRANN sí go n-áiritheofaí go córasach cothrom na Féinne maidir le hábhair athchúrsáilte as tríú tíortha, go háirithe agus rannchuidiú á dhéanamh le spriocanna rialála Eorpacha maidir le hábhair athchúrsáilte a ionchorprú, agus gealltanais idirnáisiúnta á n-urramú ag an am céanna, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cleachtas na dumpála a chomhrac.

51. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún breisluach an Aontais a neartú trí chritéir deiridh dramhaíola agus cóid dramhaíola nuashonraithe a chomhchuibhiú agus a fhorbairt a thuilleadh d'fhonn cur chun feidhme níos comhsheasmhaí a áirithiú, seoladh neamhdhleathach dramhaíola a chomhrac, agus an margadh aonair d'amhábhair thánaisteacha a éascú, chomh maith le deireadh a chur leis na scrogaill a chuireann bac ar chomhtháthú ábhar athchúrsáilte agus athláimhe i sreafaí eacnamaíocha.

52. AITHNÍONN SÍ nach mór bearta atá dírithe ar an soláthar agus ar an éileamh a spreagadh a thuilleadh maidir le hamhábhair thánaisteacha, mar shampla trí cheanglais maidir le bailiú dramhaíola ar leithligh agus ábhar athchúrsáilte, dreasachtaí dearfacha margadhbhunaithe, agus caighdeáin cháilíochta a fheabhsú agus a mhéadú.

53. MEABHRAÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an nuálaíocht ag gach céim den slabhra luacha athchúrsála, lena n-áirítear céim an deartha, maidir le hamhábhair athchúrsáilte Eorpacha a tháirgeadh a bheidh in ann freastal ar riachtanais mhonaróirí na hEorpa ó thaobh cainníochta, cáilíochta agus costais réasúnta de. I ndáil leis an méid sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach tús áite a thabhairt don gheilleagar ciorclach sna cláir tacaíochta.

54. LEAGANN SÍ béim ar an ngá atá le cothrom na Féinne agus le faireachas éifeachtach margaidh a áirithiú ar mhaithe le hiomaíochas na hEorpa a chaomhnú i margadh aonair cothrom ciorclach.

55. MEASANN SÍ NACH MÓR aghaidh a thabhairt ar aon chomhéadain dhébhríocha neamhréireacha idir an reachtaíocht maidir le dramhaíl, táirgí agus ceimiceáin agus gur den tábhacht timthriallta ábhar neamhthocsaineach a bhunú trí dheireadh tapa a chur le substaintí díobhálacha de réir a chéile chun tacú le rochtain ar ábhair athchúrsáilte inbhuanaithe ardcháilíochta a mbeidh muinín astu. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht a chur chun feidhme go hiomlán agus béim ar leith á leagan ar REACH a athbhreithniú agus a nuachóiriú. ÁITÍONN SÍ go bhfuil gá le comhchuibhiú agus treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le táirgí agus ceimiceáin agus gur cheart é a bheith d’aidhm acu a áirithiú go mbeidh amhábhair thánaisteacha sábháilte lena n-úsáid agus go gcomhlíonfaidís le reachtaíocht an Aontais. Ina theannta sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé creat dlíthiúil a áirithiú lena gcuirfear ar chumas thionscal na gceimiceán dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na srianta éagsúla teicniúla agus eacnamaíocha ar fhorbairt na hathchúrsála ceimicí is tíosaí ar acmhainní agus is inbhuanaithe a shárú.

*Tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe*

56. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé an bealach a réiteach chun go bhféadfaí úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní toisc go dtacóidh sé sin leis na cuspóirí aeráide agus comhshaoil, go spreagfaidh sé fás eacnamaíoch agus iomaíochas, go ndaingneoidh sé soláthar na n-amhábhar, go neartóidh sé athléimneacht an tslabhra soláthair, agus go gcothóidh sé nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus i samhlacha gnó, lena n-áirítear trí bhearta fioscacha.

57. AITHNÍONN SÍ nach mór acmhainneacht iomlán a bhaint amach maidir le dramhaíl a laghdú agus eastóscadh ábhar a chosc trí dhreasachtaí breise chun marthanacht, indeisitheacht agus athúsáid táirgí a mhéadú, trí sheirbhísiú, agus trí shamhlacha gnó ciorclacha a éascú agus a dhreasú agus MOLANN SÍ don Choimisiún é sin a áirithiú mar chuid den Ghníomh um an nGeilleagar Ciorclach.

58. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an Rialachán maidir leis an éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún tacaíocht iomlán a thabhairt dó, plean oibre an Rialacháin a chur chun feidhme go tráthúil agus, i gcás inar féidir, dlús a chur leis, agus pas táirge digiteach an Aontais a chur ar fáil go tráthúil.

59. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún ceanglais maidir le dearadh a bhunú do threalamh leictreach agus leictreonach lena gcumhdófar saolré iomlán an táirge, go háirithe maidir le hindeisitheacht, athúsáid, uasghrádú, agus in-athchúrsáilteacht, agus caighdeáin shoiléire a leagan síos maidir le bailiú, aisghabháil agus cóireáil comhpháirteanna agus ábhar, go háirithe amhábhair chriticiúla.

60. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go bhféadfadh an soláthar poiblí an geilleagar ciorclach a spreagadh agus nach mór gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun soláthar poiblí glas a chur chun cinn lena spreagtar glacadh táirgí agus seirbhísí de dhéantús an Aontais, agus cothrom na Féinne á chaomhnú ag an am céanna, lena dtugtar tús áite don mharthanacht, don indeisitheacht, don athúsáid agus don éifeachtúlacht acmhainní, agus lena réitítear an bealach do sholáthar táirgí athláimhe, athchóirithe agus athmhonaraithe, agus táirgí mar sheirbhís, agus lena dtacaítear, ar an gcaoi sin, le samhlacha gnó ciorclacha agus éileamh ar tháirgí agus seirbhísí inbhuanaithe a chruthú san Aontas.

61. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá uirlisí ar leibhéal an Aontais, mar atá éicilipéad an Aontais agus an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) chun táirgí níos fearr a áirithiú ar mhargadh an Aontais.

62. LEAGANN SÍ BÉIM ar thábhacht na dtomhaltóirí agus ar an ngá atá le faisnéis feasachta iontaofa chun na tomhaltóirí a chumhachtú, *inter alia* chun a áirithiú nach gcuirfear na tomhaltóirí amú, mar shampla leis an nglas-snasú. MOLANN SÍ don Choimisiún ceanglais éigeantacha faisnéise a shainiú do ghrúpaí táirgí a bhfuil tionchar acu, lena n-áirítear lipéid, faoin Rialachán maidir leis an éicidhearthóireacht le haghaidh táirgí inbhuanaithe. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe eacnamaíocha modhanna cainníochtaithe an loirg comhshaoil arna mbunú ag an gCoimisiún a chur i bhfeidhm chun taca a chur faoi chórais lipéadaithe maidir le héiceaghrádú atá comhoiriúnach agus a léiríonn tionchair chomhshaoil táirgí. Ina fhianaise sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún trédhearcacht a áirithiú i dtaca le forbairt agus bailíochtú na modhanna sin. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ béim ar a thábhachtaí atá feachtas feasachta ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát chun roghanna ciorclacha na dtomhaltóirí a éascú.

63. TACAÍONN SÍ le nuálaíocht an bhonneagair i dteicneolaíochtaí bailithe, sórtála, athúsáide, ullmhúcháin le haghaidh athúsáide agus athchúrsála chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil, ar bhealaí éagsúla, do FBManna, go háirithe dóibh siúd atá gníomhach in earnálacha an deisiúcháin, na hathúsáide, na cíosa agus na comhroinnte.

*An ghníomhaíocht idirnáisiúnta*

64. TACAÍONN SÍ leis an gcaibidlíocht agus an fhor-rochtain leanúnach chun comhaontú idirnáisiúnta uaillmhianach agus éifeachtach atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt chun deireadh a chur leis an truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, bunaithe ar chur chuige cuimsitheach lena dtugtar aghaidh ar shaolré iomlán an phlaistigh.